Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professiona Learning of School Leaders and Teachers

# Saibhriú Teanga trí Churaclam Teanga na Bunscoile

Tionól Forbartha Gaeloideachas
Pádraig Mac Cába
Bairbre Ní Thuairisg

cc BY NC


# Bristeoir Oighir

an tsamh raidh

cr oí

lae

barr







# Machnamh

Oide





Céard a ritheann leat nuair a chuimhníonn tú ar an bhfocal 'saibhreas', i nGaeilge, i mBéarla nó in aon teanga eile?






# Príomhtheachtaireachtaí

**Foghlaim fad saoil:** *“spéis ar feadh an tsaoil i bhfoghlaim theanga… a chothú i bpáistí ar mhaithe le taitneamh agus saibhriú pearsanta”*

**Ionchur:** "*Is é ról an mhúinteora tacú le caint an pháiste, agus í a fhorbairt, agus é/í i mbun taiscéalaíochta, fionnachtana agus réiteach fadhbanna.*"





**Aschur:** "*Déantar foghlaimeoirí teanga níos féinriartha agus níos spreagtha de pháistí ach deiseanna a bheith acu le haghaidh idirghníomhaíocht thaitneamhach le daoine eile.*"

**Dul chun cinn:** *"Le dul chun cinn agus forbairt a dhéanamh sna scileanna seo ní mór do pháistí dul i ngleic le téacsanna ó bhéal agus scríofa a bhíonn ag éirí níos casta, agus iad a chruthú."*

# Curaclam Teanga na Bunscoile

## *Torthaí Foghlama: Teanga ó Bhéal*

| | |
|---|---|
| **Cumarsáid** | 1. Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird<br>2. Inspreagadh agus rogha<br>3. Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile |
| **Tuiscint** | 4. Struchtúr abairte agus gramadach<br>5. Stór focal<br>6. Léiriú tuisceana |
| **Fiosrú agus Úsáid** | 7. Iarratais, ceisteanna agus idirghníomhuithe<br>8. Catagóiriú<br>9. Athinsint agus mionléiriú<br>10. Teanga a úsáid go spraíúil agus go cruthaitheach<br>11. Eolas, míniú agus údar a thabhairt<br>12. Cur síos, tuar agus machnamh |




**An Spideog**



Seo spideog.

Is éan í an spideog.

**An Spideog**

Is deas an t-éan í an spideog.

Dath donn, dath dearg agus dath bán a bhíonn uirthi.

**An Spideog**

Is éan beag deas í an spideog bhroinndearg a bhíonn le feiceáil i rith na bliana agus sa ngeimhreadh go mór mór.

# Curaclam Teanga na Bunscoile
## Torthaí Foghlama: Na Snáitheanna ar fad

Oide




| | Teanga ó Bhéal | Léitheoireacht | Scríbhneoireacht |
|---|---|---|---|
| **Cumarsáid** | 1. Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird<br>2. Inspreagadh agus rogha<br>3. Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile | 1. Rannpháirtíocht<br>2. Inspreagadh agus rogha | 1. Rannpháirtíocht<br>2. Inspreagadh agus rogha |
| **Tuiscint** | 4. Struchtúr abairte agus gramadach<br>5. Stór focal<br>6. Léiriú tuisceana | 3. Gnásanna cló agus Struchtúr abairte<br>4. Feasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach<br>5. Fónaic, aithint focal agus staidéar ar fhocail<br>6. Stór focal | 3. Struchtúr abairte agus gnásanna cló<br>4. Litriú agus staidéar ar fhocail<br>5. Stór focal |
| **Fiosrú agus Úsáid** | 7. Iarratais, ceisteanna agus idirghníomhuithe<br>8. Catagóiriú<br>9. Athinsint agus mionléiriú<br>10. Teanga a úsáid go<br>spraíúil agus go cruthaitheach<br>11. Eolas, míniú agus údar a thabhairt<br>12. Cur síos, tuar agus machnamh | 7. Cuspóir, seánra agus guth<br>8. Freagairt agus intinn an údair<br>9. Tuiscint<br>10. Líofacht agus féincheartú | 6. Cuspóir, seánra agus guth<br>7. Próiseas na scríbhneoireachta agus ag cruthú téacs<br>8. Freagairt agus intinn an údair<br>9. Peannaireacht agus cur i láthair |

# Cur chuige le teanga a shaibhriú




Curtha in oiriúint ó Graves, 2016

# Ag cur eolas ar fhocal

Níor chuala mé an focal seo cheanna.

D'airigh mé cheanna é ach ní thuigim é.

Tá barúil agam céard is brí leis.

Tuigim an focal go maith agus tá mé in ann sainmhíniú a thabhairt.

(Curtha in oiriúint ó Beck & McKeown, 2004)

codladh driúilicín

# Ag cur eolas ar fhocal

Oide

| Níor chuala mé an focal seo cheanna. | D'airigh mé cheanna é ach ní thuigim é. | Tá barúil agam céard is brí leis. | Tuigim an focal go maith agus tá mé in ann sainmhíniú a thabhairt. |
|---|---|---|---|

trasna

Chuaigh mé **trasna** an bhóthair.

**Thrasnaigh** mé an bóthar.

Chuaigh an liathróid thar an **tras**nán.

Tháinig mé **trasna** ar an leabhar sin.

Ghearr sé **trasna** orm.

Tras-

*(Curtha in oiriúint ó Hunt, 2013)*

# Ag múineadh foclóra

Oide

Roghnaigh na focail/frásaí le múineadh.

Liostaigh samplaí a bhaineann agus nach mbaineann chun an focal/bhfrása a léiriú.

Cruinnigh comhchiallaigh agus frithchiallaigh don fhoclóir nua agus pléigh iad.

Spreag na páistí chun a sainmhíniú féin den fhoclóir a chumadh.

Bain úsáid as eagraí grafaic agus cluichí chun tacú leis an bhfoghlaim.


Support Material
ENGLISH | ORAL LANGUAGE | Stages 1 & 2
Talk Time
PRIMARY LANGUAGE CURRICULUM
ENGLISH

Tacaigh leis na páistí na focail/frásaí a chur in abairtí.

Bain úsáid as na focail/frásaí i gcomhthéacsanna eile.

*(Curtha in oiriúint ó Ábhair Tacaíochta an NCCA, 2019)*

# Ag múineadh foclóra

## Lus an Chromchinn

*Éamonn Ó Ruanaí*

Cén náire atá ort, a bhláithín bhuí,
Nó céard a chuir ort ceann faoi?

Tagtha róluath chuig féasta an earraigh,
Réidh don rince is don spraoi,
I do sheasamh i d'aonar i lár an halla,
Gan faic le cloisteáil ach macalla.

Gléasta go gléigeal gan aon agó,
I ngúna síoda a dhear Van Gogh,
Ag guí go gcuirfear tús gan mhoill,
Le píobaireacht dhraíochtach na mílte éan.

Ag tabhairt faoin ngeimhreadh go himníoch,
Do chloigeann creathach ag gobadh aníos,
Ná bí faiteach anois, a stór,
Ní gá duit brath ar aon cheoltóir.
Ardaigh do chloigeann gan aon scáth,
Is é do thrumpa órga a fhógróidh an blás.



# Ag múineadh foclóra

Roghnaigh na focail/frásaí le múineadh.

Liostaigh samplaí a bhaineann agus nach mbaineann chun an focal/bhfrása a léiriú.

Cruinnigh comhchiallaigh agus frithchiallaigh don fhoclóir nua agus pléigh iad.

Spreag na páistí chun a sainmhíniú féin den fhoclóir a chumadh.

Bain úsáid as eagraí grafaic agus cluichí chun tacú leis an bhfoghlaim.





Tacaigh leis na páistí na focail/frásaí a chur in abairtí.

Bain úsáid as na focail/frásaí i gcomhthéacsanna eile.

*(Curtha in oiriúint ó Ábhair Tacaíochta an NCCA, 2019)*

# Eagraí Grafach



# Fána Focal

Bhí mé chomh sona le cuach i nead a comharsan.



Bhí díomá an domhain orm.

Bhí mé ag fiuchadh le cantal.

Mothúcháin

Mhothaigh mé an-sásta.

Tháinig racht feirge orm.



Bhí ceann faoi orm le náire.

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Ag múineadh foclóra

Oide

## 4 CHEARNÓG

**SPRIOCFHOCAL**
Dílis

**SAMPLAÍ**
Peata a fhanann leat; cara a insíonn do dhaoine go bhfuil tú iontach; lucht leanúnú peile, bua nó cailliúint


**MO SHAINMHÍNIÚ**
Duine atá ann duit i gcónaí

**SAMPLAÍ NACH MBAINEANN**
Madra fiáin; duine ag spiocadh asat; lucht tacaíochta na soininne

## FÁNA FOCAL

Cuir na focail in ord ag dul ón gceann is lú tacaíochta go dtí an ceann is fearr tacaíochta:

- *Ag leanúint* Ballymun Kickhams
- *Seasmhach le* Ballymun Kickhams
- *Dílis do* Ballymun Kickhams
- *Ag tacú le* Ballymun Kickhams
- *Ag breathnú ar* Ballymun Kickhams
- *Ag caitheamh geansaí* Ballymun Kickhams



## LÉARÁID VENN

CÉARD ATÁ SAINIÚIL FAOIN BHFOCAL 'DÍLIS? Duine a bhíonn ann duit i gcónaí

CÉARD ATÁ I GCOITEANN ACU? Duine a bhíonn go deas leat

CÉARD ATÁ SAINIÚIL FAOIN BHFOCAL 'CARA'? Duine a chaitheann tú am leo.

## EAGRAÍ GRAFACH

Dílis


**COMHCHIALLAIGH**
Fírinneach, buan, daingin

**ABAIRT**
Sheas mo chara liom sa chlós.

**FRITHCHIALLAIGH**
Mídhílis, luaineach, lag

**SAMPLAÍ NACH MBAINEANN**
Duine a ligeann síos tú.

**SAMPLAÍ**
Cara a sheasann leat, peata






(Curtha in oiriúint ó Ábhar Tacaíochta, NCCA, 2019)


# Cur chuige le teanga a shaibhriú

Oide

- Ag cothú feasacht d'fhocail
- Ag múineadh foclóra
- Straitéisí foghlama focal
- Raon leathan d'eispéiris éagsúla teanga go rialta

Curtha in oiriúint ó Graves, 2016

# Raon leathan d'eispéiris éagsúla teanga go rialta




Curtha in oiriúint Whitehurst et al., 1994; Biemiller & Boote, 2006; Roche, 2015; Graves, 2016

# Sampla d'eispéireas teanga

Oide

Cur síos a dhéanamh

Sílim
Measaim
Dar liom

Méid

Suíomh



Dath

Gníomh (briathar)

Uigeacht /Mothú

Cruth

Uimhir/ líon

Curtha in oiriúnt ó Stephen Graham, 2020

# Cur chuige le teanga a shaibhriú

Oide




Curtha in oiriúint ó Graves, 2016

# Straitéisí foghlama focal

Oide

## Moirfeolaíocht

- Réimíreanna
- Iarmhíreanna
- Comhfhocail
- Fréamhacha na bhfocal

Neamh-, mion-, oll-

-án, -aire,-ach

## Comhthéacs

- Straitéis le múineadh go follasach
- Léigh timpeall ar an bhfocal
- Triail focal comhchiallach

## Tagairtí

- Do chairde
- Timpeallacht foghlama
- Foclóir & Teasáras (crua agus ar líne)



# Moirfeolaíocht

Oide

Cluiche ceannais peile na scoileanna a bhí ann agus bhí Scoil Mhuire ag imirt in aghaidh Scoil Phádraig. Bhí an dá scoil suite ar **comhfhad** ón bpáirc agus na himreoirí uilig ar **comhairde** agus ar **comhaois** freisin. Thosaigh an cluiche agus bhí an dá fhoireann ar **comhchaighdeán.** **Comhscór** a bhí ann go dtí an nóiméad deiridh nuair a bháigh Scoil Mhuire an liathróid san eangach. Bhí **comhoibriú** iontach ag Scoil Mhuire agus bhuaigh siad ar deireadh 3-10 in aghaidh 2-12.

Céard a thugann tú faoi deara?

# Cur chuige le teanga a shaibhriú

Oide

**Ag cothú feasacht d'fhocail**

**Ag múineadh foclóra**

**Straitéisí foghlama focal**

**Raon leathan d'eispéiris éagsúla teanga go rialta**

Curtha in oiriúint ó Graves, 2016

# Ag cothú feasacht d'fhocail

Oide

Feasacht Suim Fiosracht Plé Spreagadh

Tomhais agam ort:
Í féin is a céile
ag dul timpeall liom
Le breis is cúpla mí;
Teanga láidir atá aici
Ach focal ní labhraíonn sí
Cad í?


www.cuntoir.ie




www.udar.ie

# Ag cothú feasacht d'fhocail

- Múnlóireacht an mhúinteora
- Focal an lae/ Nath na seachtaine
- Cluichí cainte: bandaí cinn, tomhais cé mé?, spraoi le brí, crosfhocail srl
- Leathnaigh an abairt/scéal
- Focail débhríocha
- Seanfhocail, Rabhlóga & Tomhaiseanna



## Tomhais le húsáid mar Théacsanna Meantóireachta

PDST


**Tomhais ina bhfuil cur síos leis an bhfocal "ach"**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Insíonn sí scéal duit,<br>Ach níl béal uirthi.<br>*litir* | Eitlíonn sé sa spéir,<br>Le dhá sciathán agus eireaball air<br>Ach gan cluimhreach ar bith<br>*eitleán* | Maireann sí má thugann tú bia di,<br>Ach faigheann sí bás má fhaigheann sí deoch.<br>*tine* | Téann sé trasna na habhann,<br>Ach fanann sé san áit a bhfuil sé.<br>*droichead* |

**Tomhais ina bhfuil comhainmneacha (focail ilbhríocha)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Aghaidh gan chluas,<br>gan bhéal, gan srón,<br>gan smig, gan mhuineál.<br>*aghaidh chloig* | Gearrtar é agus a roinntear é ach<br>ní itear é.<br>*paca cártaí* | Tá lán a chroí ina cheann aige<br>agus é ina sheasamh ar chos<br>amháin.<br>*tor cabáiste* | Cos agus ceann<br>gan chorp, gan anam.<br>*scuab* |

"Tomhas Orm, Tomhas Ort" le Sinéad Ní Chadhain agus Eoghan Mac Giolla
Thángthas ar na tomhais thuas sa leabhar "Tomhas Orm
Is féidir teacht ar bhreis agus céad



## Focail Dhébhríocha & Clanna Focal

PDST


**Focail Débhríocha**
**(as an 300 focal is coitianta san ábhar léitheoireachta do dhéagóirí i Liostaí Bhreacadh)**


Is teanga tíosach í an Ghaeilge. Nuair a léimid bíonn orainn aon bhrí eile atá ag focal, seachas an ceann atá in úsáid sa chomhthéacs áirithe seo a chur as ár n-intinn laistigh de idir 100 –200 milleasoicind.


B'fhéidir go mbeadh sé cabhrach duit an liosta seo a roinnt le do rang agus bhur liosta féin d'fhocail dhébhríocha a chur le chéile sula dtosnaíonn sibh ar thomhais a scríobh.

| | | |
|---|---|---|
| **cuma** | Is **cuma** liom. | Bhí cuma ait ar ... |
| **ais** | thar n-**ais** | droim ar ais |
| **aghaidh** | ar **aghaidh** leat | aghaidh an chloig |
| **céile** | le **chéile** | fear **céile** |
| **uair** | leath**uair** tar éis | trí **huaire** |
| **mór** | Tá sé **mór** liom. | capall **mór** |
| **cúpla** | **cúpla** rud | an **cúpla**, Jedward |
| **linn** | le **linn** an ranga | **linn** snámha |
| **thart** | Tá an samhradh **thart**. | **thart** ar an mbliain 1935 |
| **dóigh** | Cén **dóigh** ... ? | ar n**dóigh** |
| **cónaí** | i g**cónaí** | Tá **cónaí** orm. |
| **seasamh** | Tá Síle ina **seasamh**. | Cén **seasamh** atá ag an rialtas maidir le ...? |
| **breá** | Is **breá** liom ... | lá **breá** |

# Ag cothú feasacht d'fhocail




Bailitheoir focal

Cuir cosc air

Fiosraitheoir focal

# Cur chuige le teanga a shaibhriú


**Ag cothú feasacht d'fhocail**

**Ag múineadh foclóra**

**Straitéisí foghlama focal**

**Raon leathan d'eispéiris éagsúla teanga go rialta**


Cá'l mo thriall anois?




# Áiseanna




**E-bulletins**
**1, 7 agus 8**




**Ábhar Tacaíochta an NCCA: Talk time, Forbairt Teanga, Developing Vocabulary**




**Padlet na Seánraí de chuid 'Oide'**

Más mian leat teagmháil a dhéanamh linn, tá fáilte romhat ríomhphost a sheoladh chuig:
bairbre.nithuairisg@oide.ie
padraig.maccaba@oide.ie

## Go raibh míle maith agaibh

# Tagairtí


Ábhair Thacaíochta Churaclam Teanga na Bunscoile: Forbairt teanga, Talk time, Developing Vocabulary within a Balanced Literacy Framework,

Beck, I.L., McKeown, M.G., and Kucan, L. (2013). Bringing Words to Life: Robust Vocabulary Instruction (Second Edition). New York: The Guilford Press.

Concannon-Gibney, T., de Brún, J., Ní Dhiorbháin, A., Ní Láimhín, M., & Ó Duibhir, P. (2022). Pedagogical strategies, approaches and methodologies to support literacy and digital literacy development for Gaeilge and EAL. Department of Education (Ireland).

Curaclam Teanga na Bunscoile, NCCA, 2019

Gaeilge labhartha na bpáistí i scoileanna lán-Ghaeilge i dTuaisceart na hÉireann The spoken Irish of pupils in Irish-medium schools in Northern Ireland Pádraig Ó Duibhir, Coláiste Phádraig, Ollscoil Bhaile Átha Cliath padraig.oduibhir@spd.dcu.ie Jill Garland, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste j.garland@stmarys-belfast.ac.uk

Graham, Stephen Understanding How Texts Work Webinars (Dec. 2020)

Graves, M. F. (2016). The Vocabulary Book: Learning and Instruction (2nd ed.). New York, NY: Teachers College Press.